


# Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte



## Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe

Éilítear in 'Prótacal COVID 19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte' an Rialtais ar gach ionad oibre Príomh-Ionadaí Oibrithe amháin ar a laghad a cheapadh chun oibriú leis an bhfostóir chun leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Tá sé d'aidhm leis an bpóstaer seo cabhrú leat ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe a thuiscint.



### Céard é ról an Phríomh Ionadaí Oibrithe?

- Cabhrú le bearta rialaithe COVID-19 a chur i bhfeidhm.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh le d'fhostóir, agus cabhrú le comhairle sláinte COVID-19 a chur in iúl do do chomhghleacaithe.
- Thabhairt faoi sheiceálacha rialta chun a chinntiú go bhfuil bearta rialaithe COVID-19 i bhfeidhm.
- Taifead a choinneáil ar neamh-chomhlíonadh rialuithe COVID-19 san ionad oibre.
- Aon fhadhbanna nó neamh-chomhlíonadh a thuairisciú do d'fhostóir/bhainisteoir.
- Éisteacht le hábhar imní do chomhghleacaithe agus an imní sin a tharraingt anuas le d'fhostóir.
- Cabhrú le do chomhghleacaithe a choinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Cabhrú mar chuid d'fhoireann freagartha chun duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 san ionad oibre a bhainistiú.



### Céard a dhéanfaidh m'fhostóir?

- Déanfaidh d'fhostóir:
- an t-eolas a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh a thabhairt duit.
  - an oiliúint ábhartha a chur ort.
  - ionduchtú COVID-19 a chur ar fáil duit.
  - dul i gcomhairle leat agus na bearta rialaithe sin á gcur i bhfeidhm chun thú féin agus na hoibrithe eile a choinneáil sábháilte.
  - thú a chur ar an eolas faoi na bearta rialaithe atá i bhfeidhm.
  - insint duit faoi aon tionchar nó athrú ar na pleananna éigeandála nó garchabhrach.
  - córas a aontú leat chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní agus cumarsáid rialta a dhéanamh leat.



### Cén chaoi a réiteoidh mé don ról?

- Eolas a chur ar an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte agus na moltaí sláinte poiblí.
- An fhoirm COVID-19 um fhilleadh ar an obair a chomhlánú agus a thabhairt do d'fhostóir.
- Ionduchtú COVID-19 a chuireann d'fhostóir ar fáil a dhéanamh.
- Coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19.
- Comharthaí agus siomptóim COVID-19 a fhoghlaim.
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi le leathadh an víris a chosc.
- Na riachtanais glantacháin chun leathadh an víris a chosc a fhoghlaim.

### Cá bhfaighidh mé níos mó eolais faoi COVID-19 a chosc san ionad oibre?

Tá an nuacht is deireanaí ar fáil gach lá ar:

[www.gov.ie/ga/feachtais/37ce61-none/](http://www.gov.ie/ga/feachtais/37ce61-none/) [www2.hse.ie/gaeilge/](http://www2.hse.ie/gaeilge/) [www.hsa.ie/COVID19](http://www.hsa.ie/COVID19)



Comharthaí agus Siomptóim COVID-19:

[www2.hse.ie/gaeilge/coroinvireas/comharthai-an-choroinviris.html](http://www2.hse.ie/gaeilge/coroinvireas/comharthai-an-choroinviris.html)

An chaoi a leatar COVID-19:

[www2.hse.ie/gaeilge/coroinvireas/conas-a-scaiptear-an-coroinvireas.html](http://www2.hse.ie/gaeilge/coroinvireas/conas-a-scaiptear-an-coroinvireas.html)



Teimpléid agus seicliostaí um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte:

<https://tinyurl.com/HSA-Template-and-Checklists>

An Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte:

[www.gov.ie/ga/foilsuichan/22829a-return-to-work-safely-protocol/](http://www.gov.ie/ga/foilsuichan/22829a-return-to-work-safely-protocol/)



Téigh i dteagmháil le HSA ar: [wcu@hsa.ie](mailto:wcu@hsa.ie)

fósghlao HSA: 1890 289 389



HEALTH AND SAFETY  
AUTHORITY